Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sinsireacha

Báisteach

Timthriall an Uisce

Is é is timthriall an uisce ann ná an t-aistear a ghlacann uisce agus é ag gluaiseacht ón talamh chuig an spéir agus ar ais arís. Tá ceithre phríomhchéim ann:

Céim	Míniú	Léaráid
Galú	Nuair atá an ghrian ag taitneamh, tiontaítear uisce ó na haibhneacha, lochanna agus farraigí go gal.	
Comhdhlúthú	Téann an t-uisce suas go hard sa spéir áit a bhfuaraíonn sé, agus déantar scamall de.	
Frasaíocht	Nuair a líontar an scamall le braoiníní, titeann siad chun na talún i bhfoirm báistí, cloichshneachta nó sneachta.	
Rith Chun Srutha	Stóráiltear an t-uisce ar an talamh agus in aibhneacha, lochanna agus farraigí. Tosaíonn timthriall an uisce an athuair ansin.	

Báisteach agus Scamaill

Titeann báisteach ó shaghsanna éagsúla scamall.

Tarlaíonn ceathanna de bharr **scamall comhiomprach** agus **scamall cumalainimbeas**.

Is roiseanna gairid báistí iad ceathanna. Idir na ceathanna, tagann an ghrian amach.

Tagann sealanna níos faide agus níos leanúnaí báistí ó **scamaill shrathacha**.

Braonta Báistí

Féadann báisteach a bheith éadrom, measartha nó trom!

Bíonn trastomhas níos mó ná 0.5mm ag braonta báistí de ghnáth.

Bíonn trastomhas níos lú ná 0.5mm ag ceobhrán.

Conas a thomhaistear báisteach?

Úsáidimid ionstraim darb ainm **méadar báistí** chun báisteach a thomhas.

Laistigh de mhéadar báistí tá tonnadóir, crúsca bailiúcháin gloine agus stán copair.

Cuirtear an crúsca bailiúcháin gloine isteach sa stán copair agus cuirtear an stán isteach sa talamh ina dhiaidh sin.

Titeann an bháisteach isteach sa tonnadóir agus bailítear sa chrúsca gloine é.

Tá sorcóir tomhais sa mhéadar a thomhaiseann líon an uisce a bailítear sa chrúsca gloine i bhfoirm milliméadair.

Céard is Tuile ann?

Tarlaíonn tuilte nuair a bhíonn sceitheadh uisce ar thalamh.

Nuair a thiteann báisteach throm thar thréimhse ghairid ama, féadann an t-uisce sceitheadh thar bhruacha aibhneacha. Tarlaíonn tuilte ar bhóithre, i dtithe agus i siopaí dá bharr.

Tarlaíonn **Tulcaí** nuair a bhíonn báisteach throm ann thar thréimhse an-ghairid ama.

Céard is bogha báistí ann?

Tarlaíonn boghanna báistí nuair a bhíonn an ghrian ag lonrú trí bhraonta uisce san aer.

Scoilteann na braonta uisce seo solas na gréine ina sheacht ndath.

Is iad dearg, oráiste, buí, glas, gorm, indeagó agus corcairghorm na dathanna atá i gceist.

Sneachta agus Flichshneachta agus Cloichshneachta

Cruthaítear criostail **Sneachta** nuair a éiríonn braonta uisce an-fhuar. Titeann na criostail sneachta ón scamall agus déantar plúiríní díobh. Caithfidh an t-aer faoina bhun a bheith ag reo nó leáfaidh an plúirín sneachta agus déanfar báisteach de.

Is meascán é **flichshneachta** de shneachta agus báisteach. níl sé éadrom agus cocánach mar atá plúirín sneachta.

Is báisteach chrua reoite é **Cloichshneachta.** Bíonn sé ar an toise céanna le pis de ghnáth, ach féadann sé a bheith chomh mór le liathróid ghailf uaireanta! Féadann Cloichshneachta titim ón spéir ag aon uair sa bhliain, ní hé amháin i rith an gheimhridh.